II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/1180 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Eanáir 2022**

**lena gceartaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(2) agus (3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411 ([2]) ón gCoimisiún bhí earráid i Roinn 2, Caibidil II-1, Cuid B d'Iarscríbhinn I arna leasú a ghabhann le Treoir 2009/45/CE.

(2) Le Roinn 2, Caibidil II-1, Cuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411, ní eisiatar Rialachán 8.1 ó raon feidhme na coda ábhartha den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, arna dhéanamh i Londain an 1 Samhain 1974 (Coinbhinsiún SOLAS 1974), arna leasú, maidir le longa paisinéirí de chatagóirí B, C agus D.

(3) Le linn na caibidlíochta maidir le dréacht Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411, chomhaontaigh na saineolaithe, i ndáil leis na ceanglais maidir leis an bhFilleadh Sábháilte ar Chalafort a ionchódaítear i Rialachán 8.1 de Chaibidil II-1, Cuid B de Choinbhinsiún SOLAS 1974, nár cheart feidhm a bheith ag na ceanglais sin ar longa paisinéirí de chatagóirí B, C agus D toisc go mbeadh sé sin díréireach tar éis na cúinsí ina n-oibrítear na longa de na catagóirí sin a mheas.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/45/CE a cheartú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

I Roinn 2, Caibidil II-1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2009/45/CE, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid B:

"CUID B —

Maidir leis na ceanglais sna forálacha iomchuí de Chaibidil II-1, codanna B go B-4 de SOLAS, arna leasú, cuirfidh na longa na ceanglais sin, seachas Rialachán 8-1, i bhfeidhm."

([1]) IO L 163, 25.6.2009, lch. 1.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/411 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí, a mhéid a bhaineann le longa paisinéirí i mbun turais inmheánacha (IO L 83, 19.3.2020, lch. 1).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Eanáir 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN